An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Pleanáil Curaclaim Scoile Uile

## Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta

2026

Forbartha ag an Roinn Oideachais agus Óige, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Oide agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

# Contents

1 Réamhrá ..... 2
2 Pleanáil curaclaim scoile uile ag feidhmiú ..... 5
3 Plean Scoile Uile – Cur Chuige Molta ..... 11
4 Aguisíní ..... 15

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cuspóir na treorach seo

Is é cuspóir an doiciméid seo **treoir a chur ar fáil do cheannairí agus múinteoirí scoile** maidir le pleanáil curaclaim scoile uile chun tacú le hachtú *Curaclam na Bunscoile* athfhorbartha do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Is comhpháirt thábhachtach den Phlean Scoile[1] ina iomláine í pleanáil agus achtú[2] curaclaim.

Is é *Creatchuraclam na Bunscoile* an chéad chreatchuraclam riamh a forbraíodh do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta in Éirinn. Sa *Chreat* glactar leis go bhfuil an leanbh ag croílár an phróisis foghlama, agus cuirtear aistear foghlama uathúil gach linbh san áireamh sna sonraíochtaí curaclaim.

Leis an gcuraclam athfhorbartha, tugtar níos mó deiseanna do cheannairí agus múinteoirí scoile maidir le 'cad ba chóir a mhúineadh, cathain ba cheart é a mhúineadh, agus conas foghlaim a chur in ord agus an luas ceart a chur fúithi' (*Creatchuraclam na Bunscoile*, lch 20). Ciallaíonn an cumas seo chun roghanna agus cinntí a dhéanamh, ar a dtugtar ' cumas gníomhúcháin' go minic, gur féidir le ceannairí agus múinteoirí scoile feidhmiú mar léirmhínitheoirí gníomhacha *Creatchuraclam na Bunscoile* agus na sonraíochtaí curaclaim, chun eispéiris an fhoghlaimeora a mhúnlú ar bhealaí ina bhfreagraítear do chomhthéacs an linbh agus na timpeallachta foghlama. Samhlaítear le *Curaclam an Bunscoile* athfhorbartha go mbeidh ceannairí agus múinteoirí scoile ag feidhmiú mar ghníomhaithe gníomhacha a léirmhíníonn agus a dhéanann idirghabháil leis an gcreatchuraclam agus sonraíochtaí curaclaim ionas gur eispéiris foghlaimeora a bheidh iontu a fhreagraíonn do chomhthéacs an linbh, an tseomra ranga agus na scoile. Tá sé beartaithe go dtacófar leis an treoir atá á cur ar fáil anseo le gach ceannaire agus múinteoir scoile chun an curaclam a achtú ar bhealach a bheidh mar bhonn le torthaí foghlama feabhsaithe do gach leanbh.

Cruthaíonn an leibhéal gníomhúcháin atá á thairiscint do scoileanna sa churaclam athfhorbartha deiseanna, bealaí smaointeoireachta nua agus féidearthachtaí spéisiúla do phobail scoile. Tá cur chuige nua ann freisin maidir le pleanáil agus oibriú leis an gcuraclam.

[1] Alt 21 An tAcht Oideachais 1998 (1) Déanfaidh bord, a luaithe is féidir leis i ndiaidh a cheapacháin, socruithe d'ullmhú an phlean (ar a dtugtar an "plean scoile" san alt seo) agus cinnteofar go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an bplean.

[2] Tá sainmhíniú le fáil sa ghluais in Aguisín 3 ar na príomhthéarmaí a úsáidtear sa doiciméad seo chun tacú le soiléireacht agus le tuiscint chomhroinnte i rith achtú Churaclam na Bunscoile athfhorbartha.

Trí lionsa fhís agus prionsabail an churaclaim athfhorbartha, ba cheart glacadh le **plean curaclaim scoile uile** mar **acmhainn bheo atá ag forbairt, lena thacaítear agus lena éascaítear cleachtas athmhachnaimh, chomh maith le hathbhreithniú agus monatóireacht leanúnach** a bheith á dhéanamh ag ceannairí agus múinteoirí scoile. Ba cheart go dtacódh an plean leis an mbord bainistíochta, príomhoide, ceannairí eile agus múinteoirí chun foghlaim, teagasc agus measúnú a phleanáil do gach leanbh sa scoil agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a gcuirtear an méid sin i gcrích.

Forbraíodh an doiciméad treorach seo mar thoradh ar dhlúth-chomhoibriú idir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Oide, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachis Speisialta (CNOS) agus an Roinn Oideachais agus Óige, an Chigireacht san áireamh. Leanfaidh na grúpaí seo agus grúpaí eile ar aghaidh ag comhoibriú lena chéile i ndáil le treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do cheannairí agus múinteoirí scoile agus curaclam athfhorbartha á achtú acu.[3]

[3] Beidh an doiciméad seo faoi réir athbhreithniú agus nuashonruithe rialta.

## 1.2 Pleanáil éifeachtach curaclaim scoile uile don churaclam athfhorbartha

In ainneoin go mbeidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa phróiseas pleanála agus sa tslí a mbeidh pleanáil á taifeadadh i scoileanna difriúla, tá na gnéithe seo a leanas de phleanáil éifeachtach curaclaim scoile uile ábhartha do gach comhthéacs scoile.




**Sainaithin na príomhthosca comhthéacsúla chun curaclam a achtú sa scoil**

Ina measc seo de ghnáth bheadh saintréithe phobal na scoile agus éagsúlacht riachtanais foghlama na leanaí, mar aon le cur chuige scoile uile a bhí éifeachtach chun déileáil leis na riachtanais sin go dtí an am i láthair chun fís an churaclaim a chomhlíonadh.




**Tacú le gach leanbh chun príomhinniúlachtaí Chreatchuraclam na Bunscoile a fhorbairt**

Is féidir le pleanáil curaclaim scoile uile é seo a dhéanamh trí chleachtas a thógáil a thugann léargas ar na hocht bprionsabal uileghabhálacha foghlama, teagaisc agus measúnachta agus ar na seacht bpríomhphrionsabal.




**Tacú le hachtú comhsheasmhach agus éifeachtach an chur chuige oideolaíoch scoile uile comhaontaithe ar fud na réimsí curaclaim**

Is féidir le pleanáil curaclaim scoile uile tacú le cur chuige comhaontaithe chun a chinntiú go mbaineann leanaí tairbhe as eispéiris foghlama ar ardchaighdeán atá spraíúil agus spéisiúil.




**Cothromaíocht a chinntiú idir gníomhúchán agus cuntasacht**

Ba cheart go dtacódh pleanáil curaclaim scoile uile le gníomhú múinteoirí i ndáil le hachtú curaclaim, agus go gcinnteodh sí freisin go bhfuil freagracht á glacadh as fairsinge, cothromaíocht, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim an linbh.




**An obair ullmhúcháin a dhéanann múinteoirí aonair chun foghlaim, teagasc agus measúnacht a threorú agus bonn eolais a chur ar fáil dá leithéid**

Ba cheart go dtacódh pleanáil curaclaim scoile uile le múinteoirí chun na sonraíochtaí curaclaim a úsáid, lena n-áirítear Torthaí Foghlama, cur chuige oideolaíoch, treoir mheasúnachta agus tacaíochtaí eile, chun eispéiris foghlama atá sách dúshlánach a chur ar fáil do gach leanbh.




**Tacú le measúnacht a úsáid**

Ba cheart go dtacódh pleanáil curaclaim scoile uile le ceannairí scoile agus múinteoirí chun úsáid a bhaint as measúnacht chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc gach linbh sa scoil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.





**Deiseanna leanúnacha a chur ar fáil d'athbhreithniú agus d'fheabhsú**

Ba cheart go mbeadh deiseanna rialta ann chun athbhreithnithe sceidealaithe nó neamhsceidealaithe a dhéanamh ar éifeachtacht an chur chuige pleanála scoile uile. Ba cheart go mbeadh sé seo bunaithe ar fhianaise ar an tionchar atá acu ar fhoghlaim, teagasc agus measúnacht ar an tslí ar chuir a leithéid le feabhas sa scoil ar fad.

# 2 Pleanáil curaclaim scoile uile ag feidhmiú


I rith bhlianta tosaigh achtú an churaclaim athfhorbartha, tá rogha áirithe ag gach scoil maidir le cinneadh a dhéanamh faoin ord achtaithe do gach réimse curaclaim. Ní mór tús a chur leis an tsonraíocht Folláine, áfach, laistigh den chéad trí bliana agus, dá réir sin, ní mór go mbeadh Folláine i measc na gcéad trí réimse curaclaim a roghnaítear.





Mar chuid den chéad chéim ba cheart do na ceannairí scoile agus múinteoirí díriú ar eolas maith a chur ar na sonraíochtaí ionas gur féidir iad a úsáid mar bhonn eolais le haghaidh agus chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Cuirtear an curaclam i láthair i bhfoirm **réimsí agus ábhar curaclaim**.

Ba cheart do cheannairí, i gcomhpháirt lena bpobail scoile, **machnamh** a dhéanamh ar chleachtas reatha agus, i ndiaidh próisis d'athbhreithniú agus de phlé inmheánach, réimse curaclaim a **roghnú** atá le **hachtú**, agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar na seirbhísí tacaíochta gairmiúla atá á gcur ar fáil.



## 2.1 Smaoinigh





Baineann ceann de na gnéithe bunúsacha de phleanáil curaclaim scoile uile le tosca comhthéacsúla a shainaithint lena mhúnlaítear an tslí a bhfuil an curaclam á achtú i scoil. I measc na ngnéithe seo d'fhéadfaí glacadh le láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí, an suíomh geografach, cultúr na scoile, acmhainní agus rannpháirtíocht an phobail, nithe a bhfuil tionchar acu ar an tslí a n-oibríonn scoil agus a gcuireann sí oideachas ar fáil. Ba cheart machnamh a threorú trí lionsa *Creatchuraclam na Bunscoile* agus ba cheart go dtacódh na daoine atá ag treorú an phróisis pleanála curaclaim scoile uile le húsáid a bhaint as mar phointe tagartha nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh acu maidir lena **gcomhthéacs scoile** féin.

Tugann laethanta Foghlama Gairmiúla á stiúradh ag Oide agus CNOS deiseanna do cheannairí scoile agus múinteoirí chun páirt a ghlacadh i gcomhráite gairmiúla a chabhraíonn chun cur leis an tuiscint ar chomhthéacs na scoile agus ag an am céanna díriú ar na prionsabail agus ar na príomhinniúlachtaí.

### Machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs na scoile trí lionsa phrionsabail na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta

Tá eolas maidir le hocht bprionsabal uileghabhálacha na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta le fáil ar leathanaigh 6-7 de *Creatchuraclam na Bunscoile*. Soláthraíonn na prionsabail seo an lionsa ba cheart a bheith in úsáid ag scoileanna chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas scoile uile chun an curaclam athfhorbartha a achtú. Cuimsítear sna prionsabail seo na nithe atá ag croílár na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta ar ardchaighdeán i gcuraclam na bunscoile. Is prionsabail ghinearálta iad, chun léargas a thabhairt ar chomhthéacsanna scoile éagsúla agus ar imthosca, eispéiris agus cumas difriúil leanaí.

| **Ceisteanna chun machnamh maidir le comhthéacs na scoile a spreagadh trí lionsa phrionsabail na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta** | |
|---|---|
|   , | • An bhfuil tuiscint chomhroinnte againn ar an gcuma a bheadh ar gach prionsabal foghlama, teagaisc agus measúnachta, dá mbeidís á bhforbairt go maith i ngach suíomh foghlama inár scoil? |

| | |
|---|---|
| | • Céard iad na prionsabail a bhfuil léargas maith á thabhairt orthu inár gcleachtas scoile uile cheana? Conas a bhfuil a fhios againn? Céard faoi thuairim na leanaí? Tuairim daoine eile?<br><br>• Céard iad na prionsabail nach mór dúinn níos mó airde a thabhairt dóibh?<br><br>• Cén chaoi an bhféadfaimis é sin a dhéanamh? |

## Machnamh a dhéanamh ar ár bhfoghlaimeoirí trí lionsa na bpríomhinniúlachtaí


Cuimsítear sa raon príomhinniúlachtaí **an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna** riachtanacha lenar chuirtear ar chumas leanaí dul in oiriúint do agus déileáil le raon cásanna, dúshlán agus comhthéacsanna (*Creatchuraclam na Bunscoile*, leathanaigh 8-13).

Tá ról lárnach ag na hinniúlachtaí i bpróiseas foghlama leanaí. Dá réir sin, ní mór aird a thabhairt orthu go leanúnach agus tá siad leabaithe i ngach réimse curaclaim trí na Torthaí Foghlama.

| **Ceisteanna chun machnamh a spreagadh maidir le comhthéacs na scoile trí lionsa na bpríomhinniúlachtaí** | |
|---|---|
|  | • An bhfuil tuiscint chomhroinnte againn ar an gcuma a bheadh ar gach príomhinniúlacht dá mbeadh dul chun cinn maith á dhéanamh orthu i measc na leanaí **inár scoil**?<br><br>• Céard iad na gnéithe d'achtú an churaclaim atá ag tacú le forbairt na bpríomhinniúlachtaí faoi láthair?<br><br>• Céard iad na gnéithe d'achtú curaclaim ba cheart a threisiú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt príomhinniúlachtaí? |

Le cois machnamh a dhéanamh ar cheisteanna cosúil leis na ceisteanna thuas, ba cheart do cheannairí agus múinteoirí scoile machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as uirlisí iniúchóireachta nó athbhreithnithe. Beidh naisc chuig acmhainní úsáideacha ar fáil ar shuíomh gréasán Oide agus déanfar iad a nuashonrú go leanúnach.

## 2.2 Roghnaigh




I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus tairbhe a bhaint as tuiscint níos doimhne ar phrionsabail agus ar phríomhinniúlachtaí *Creatchuraclam na Bunscoile*, tá sé beartaithe go ndéanfadh foireann na scoile cinneadh maidir le hord an achtaithe sna cúig shonraíocht churaclaim. Moltar do cheannairí scoile, i gcomhar le pobail scoile, a n-aistear achtaithe curaclaim a mhapáil don churaclam athfhorbartha.

Cabhróidh comhráite gairmiúla le foireann na scoile chun teacht ar chomhaontú maidir le **plean straitéiseach**[4] soiléir agus chun a leithéid de phlean a leagan amach chun achtú curaclaim a threorú agus chun tacú leis.

Cabhróidh sé le foireann na scoile chun ord soiléir a bhunú do phleanáil achtú curaclaim scoile uile agus chun cur chuige fadtéarmach maidir le forbairt leanúnach a chinntiú. Trí ailíniú le riachtanais atá ann faoi láthair agus spriocanna amach anseo a chinntiú, cuirfear leis an bplean ar chumas foireann na scoile acmhainní a bhainistiú, tacú le forbairt foirne agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir a chéile, chun achtú curaclaim rathúil a chinntiú.

Ba cheart go mbeadh roghanna agus cinntí atá le déanamh ag foireann na scoile ag an bpointe seo bunaithe ar:


- Ciorcláin na Roinne Oideachais agus Óige, ina dtugtar soiléiriú maidir leis na paraiméadair a mbeidh gníomhú gairmiúil á fheidhmiú ag scoileanna laistigh díobh.
- Eolas gairmiúil múinteoirí ar shonraíochtaí an churaclaim.
- Ábhair thacaíochta ar fáil trí CNCM, Oide agus CNOS.

I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart an fhoghlaim atá beartaithe do leanaí a bhunú ar churaclam bunscoile nó iar-bhunscoile aoisoiriúnach chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí ar, go nglacann siad páirt in agus go mbaineann siad tairbhe as oideachas atá ionchuimsitheach agus oiriúnach dá láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht.[5]

[4] Is ionann **creat pleanála straitéiseach** do scoil agus cur chuige struchtúrtha lena threoraítear spriocanna agus próiseas cinnteoireachta na scoile i gcomhair tréimhse ar leith (3-5 bliana de ghnáth). Bíonn sé ina chabhair sé chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí mar atá faoi láthair, réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint, tosaíochtaí a shainiú agus acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach. Is féidir leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) tacú leis an gcreat seo, agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil an plean inoiriúnaithe agus á bheachtú go leanúnach, agus go bhfuil sé ag tacú le feabhas leanúnach. Tá samplaí de chreataí le fáil ó Oide.

[5] Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht- Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta, ROÓ, 2026

## 2.3 Achtaigh




Tá sé riachtanach go dtosódh ceannairí agus múinteoirí scoile ag foghlaim faoi agus ag cur de réir a chéile lena dtuiscint ar struchtúr agus ábhar *Creatchuraclam na Bunscoile*, sonraíochtaí curaclaim agus na hábhair thacaíochta atá le fáil sa Tacar Uirlisí CNCM. Ba cheart dóibh úsáid a bhaint as próiseas pleanála curaclaim na scoile uile chun plean curaclaim scoile uile a chruthú agus chun cinntí a dhéanamh dá scoil maidir leis an méid seo a leanas:

- an t-ord agus an luas ina bhfoghlaim na leanaí ó Chéim 1 go dtí Céim 4
- an cur chuige oideolaíoch agus an cur chuige measúnaithe atá in úsáid

Ba cheart go mbeadh na prionsabail atá sonraithe i *Creatchuraclam na Bunscoile*, agus i gCaibidil 5 agus Caibidil 6 i ngach sonraíocht churaclaim mar bhonn leis na cinntí seo agus á dtreorú freisin. Treorófar **achtú curaclaim** ar fud na scoile leis na cinntí scoile uile seo agus beidh ról lárnach acu sa phlean curaclaim do gach réimse curaclaim. **Treorófar obair ullmhúcháin aonair múinteoirí** leo ag leibhéal an tseomra ranga.

Sa chás go bhfuil an timthriall Féinmheastóireachta Scoile (FMS) leabaithe go maith, ba cheart go gcuirfeadh an próiseas seo le feabhsuithe leanúnacha i dtaca leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú. Is féidir le forbairt agus le hachtú pleananna gníomhaíochta tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'athruithe agus d'fheabhsuithe inmhianaithe ar chleachtas. Glacfar le cuntais ar phríomhchinntí agus ar phleananna gníomhaíochta gaolmhara, a bhaineann leis an gcur chuige oideolaíoch agus measúnachta atá á achtú mar chuid thábhachtach de phlean scoile uile na scoile do gach réimse curaclaim

Is próiseas leanúnach agus atriallach é monatóireacht a dhéanamh ar achtú agus ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na gcur chuige oideolaíoch agus measúnaithe ar fhoghlaim na leanaí. San áireamh sa phróiseas monatóireachta d'fhéadfaí spriocanna agus tascanna soiléire, uainithe a leagan síos i bpleananna gníomhaíochta, athbhreithnithe rialta a chur san áireamh, sonraí ábhartha a úsáid (samplaí oibre, tástálacha, seicliostaí, plé spriocdhírithe, suirbhéanna, etc.), aiseolas a bhailiú ó mhúinteoirí, leanaí agus tuismitheoirí, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn i rith cruinnithe foirne. Mura bhfuil rud éigin ag obair, ba cheart athruithe a dhéanamh go tapa bunaithe ar

fhianaise. Trí gach duine a choinneáil ar an eolas agus ceiliúradh a dhéanamh nuair a dhéantar dul chun cinn, cabhraítear le dlús a choinneáil faoin obair agus a chinntiú go mbíonn pobal na scoile uile páirteach san aistear chun an curaclam athfhorbartha a achtú.

| Ceisteanna chun ceannairí curaclaim a threorú chun tacú le agus chun monatóireacht a dhéanamh ar achtú curaclaim | |
|---|---|
| | • Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil dul chun cinn oiriúnach á dhéanamh ag leanaí ó thaobh cúrsaí foghlama de sa réimse curaclaim seo?<br>• Conas a éireoidh linn tacú le múinteoirí chun measúnú a úsáid chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc sa réimse curaclaim seo?<br>• An bhfuil na cinntí scoile uile comhaontaithe ag feidhmiú mar bhonn eolais d'obair ullmhúcháin aonair múinteoirí agus an bhfuil fianaise maidir leo le fáil sna cuntais mhíosúla?<br>• Cén cineál faisnéise a theastaíonn chun monatóireacht rathúil a dhéanamh ar dhul chun cinn?<br>• Conas atá athbhreithniú á dhéanamh againn ar thionchar na gcinntí scoile comhaontaithe le himeacht ama?<br>• An bhfuil an plean ag forbairt chun léargas a thabhairt ar mhonatóireacht? |

Beidh raon acmhainní praiticiúla chun tacú le comhoibriú agus pleanáil scoile uile chun sonraíocht gach curaclaim a achtú le fáil ar curaclamarlíne.ie. Beidh tuilleadh tacaíochtaí ar fáil ar Oide (Ceannaireacht).

# 3 Plean Scoile Uile – Cur Chuige Molta

Ní ghlactar le curaclam mar tháirge atá le seachadadh, is próiseas atá ann; próiseas a thugann léargas ar ár luachanna, a fháiltíonn roimh bhreithiúnas gairmiúil agus nach mór a achtú i gcomhthéacs.

Is éard atá i gceist le plean curaclaim scoile uile ná treoirphlean na scoile féin maidir le hachtú an churaclaim. Is cuntas tábhachtach atá ann ar na cinntí praiticiúla lena threoraítear achtú curaclaim sa scoil, roghanna maidir le hord phróiseas foghlama na leanaí agus cur chuige scoile comhaontaithe maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú lena dtugtar léargas ar chomhthéacs na scoile. Ba cheart go mbeadh an cuntas á fhorbairt, chun léargas a thabhairt ar dhul chun cinn, dúshláin agus comhthéacsanna atá ag athrú.

Éilítear comhráite gairmiúla, FGM (foghlaim ghairmiúil múinteoirí) leanúnach agus comhoibriú agus plean scoile uile á fhorbairt ina dtugtar léargas ar chomhthéacs uathúil na scoile. De réir mar a bheidh úsáid á baint ag an scoil as pleanáil gníomhaíochta laistigh den phróiseas FMS chun tionchar cleachtas nua a achtú agus monatóireacht a dhéanamh air, ba cheart cinntí a thaifeadadh go soiléir mar chuid den phlean. Féach ar Aguisín 1 chun súil a chaitheamh ar achoimre den phróiseas seo

Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas fíor faoi phleananna curaclaim:


- ba cheart go mbeidís dinimiciúil, freagrúil agus ailínithe le *Creatchuraclam na Bunscoile*, na sonraíochtaí curaclaim agus Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne.
- ba cheart go mbeadh eolas le fáil iontu maidir le príomhchinntí agus príomhchleachtais ina dtugtar léargas ar an mbealach a n-achtaítear réimse curaclaim áirithe cosúil le ham, pearsanra, acmhainní, deiseanna foghlama gairmiúla, agus ba cheart go dtacófar leo, i ndeireadh na dála, le forbairt acmhainne straitéisí na scoile.
- ba cheart go mbeadh fianaise le fáil iontu maidir le cinntí agus forbairtí ag leibhéal scoile, lena n-áirítear táscairí soiléire maidir le dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis an méid atá á fhoghlaim ag leanaí.
- ba cheart go mbeadh eolas le fáil iontu maidir le cleachtas sa seomra ranga agus go mbeidís freagrúil do agus ag dul in oiriúint d'athruithe ag leibhéal scoile uile.

- ba cheart go mbeadh siad fréamhaithe i bhféinmheastóireacht scoile agus i bpróisis feabhsaithe.

D'fhéadfaí Plean Scoile Uile molta a roinnt in dhá chuid ar leith.


Cuid 1: Ár gcomhthéacs scoile (machnamh ar an bpobal uathúil)
Cuid 2: Achtú Curaclaim
Cuid 3: Pleananna Curaclaim (ag teacht chun cinn de réir a chéile)
Cuid 4: Féinmheastóireacht scoile agus pleanáil gníomhaíochta
Cuid 5: Aguisíní

**Cuid 1: Comhthéacs na scoile**




*Cé muid féin? Céard iad na luachanna atá againn? Cén fhís atá againn dár bpobal scoile? Céard iad na láidreachtaí agus na dúshláin a bhaineann lenár dtimpeallacht fhisiciúil? Céard atá i gceist lenár dtimpeallacht thógtha? Céard iad na deiseanna atá á dtairiscint ag ár gceantar? Céard iad na dúshláin atá le sárú ag ár bpobal scoile? Cén tionchar atá ag ár gcomhthéacs scoile, lena n-áirítear ár suíomh (mar shampla, scoil speisialta, bunscoil phríomhshrutha), próifíl leanaí agus riachtanais phobail, ar an gcaoi a bhfuil ár n-achtú curaclaim scoile uile á dhearadh, á sheachadadh agus á mheas againn?*


**Cuid 2: Achtú Curaclaim**




Is féidir an t-ord d'achtú na scoile [6] a leagan amach i bPlean Straitéiseach. *Céard é ord an achtaithe? Céard iad na rudaí nach mór dúinn a chur san áireamh sula dtosaímid ag achtú gach sonraíochta (eolas ar na sonraíochtaí-céard is féidir linn a fhoghlaim fúthu i dtéarmaí foghlama, teagaisc agus measúnachta, riachtanas foghlama gairmiúla múinteoirí (FGM), acmhainní, cleachtas reatha, infhaighteacht saineolais foghlama ghairmiúil)?*

[6] [6]Is ionann **creat pleanála straitéiseach** do scoil agus cur chuige struchtúrtha lena threoraítear spriocanna agus próiseas cinnteoireachta na scoile i gcomhair tréimhse ar leith (3-5 bliana de ghnáth). Bíonn sé ina chabhair chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí mar atá faoi láthair, réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint, tosaíochtaí a shainiú agus acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach. Is féidir leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) tacú leis an gcreat seo, agus cinntítear go bhfuil an plean inoiriúnaithe agus á bheachtú go leanúnach, agus go bhfuil sé ag tacú le feabhas leanúnach. Tá samplaí de chreataí le fáil ó Oide.

**Cuid 3: Pleananna Curaclaim (ag teacht chun cinn de réir a chéile)**




Trí chuntas a choinneáil ar phríomhchur chuige scoile uile, cinntítear comhsheasmhacht i ranganna, cosnaítear cleachtais ar ardchaighdeán nuair a athraítear baill foirne agus roinntear ionchais shoiléire maidir le raon, ord, oideolaíocht agus measúnacht. Má choinnítear cuntas, bíonn an obair á déanamh ar bhonn comhchoiteann, cobhsaí agus ar bhealach is féidir a athbhreithniú.

D'fhéadfaí cuntas a choinneáil ar an méid seo a leanas i bplean curaclaim:

- Raon agus ord an eolais, scileanna, coincheap, meonta, dearcthaí agus luachanna bunaithe ar Thorthaí Foghlama– céard atá á theagasc ag gach leibhéal ranga agus conas a bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an bhfoghlaim (i gcomhthéacs ranganna ilghráid agus scoileanna speisialta atá le cur san áireamh)
- Príomhchur chuige oideolaíochta (féach ar chaibidil 6 de gach sonraíocht)
- Comhtháthú agus eispéiris foghlama – cur chuige comhaontaithe bunaithe ar chaibidil 6 de gach sonraíocht
- Measúnú agus dul chun cinn
- Ionchuimsiú – tacaíochtaí do gach foghlaimeoir agus deiseanna fairsingithe
- Acmhainní – príomhacmhainní agus uirlisí
- Foghlaim agus athbhreithniú gairmiúil – riachtanais forbartha foirne, próisis achtaithe agus mheastóireachta (féach Aguisín 2 áit a bhfuil uirlis athbhreithnithe shamplach le fáil)

**Cuid 4: Féinmheastóireacht scoile agus pleanáil gníomhaíochta**

Trí fhéinmheastóireacht scoile (FMS)[7], is féidir le scoileanna láidreachtaí, réimsí atá le forbairt agus neamhréireanna agus bearnaí sa mhéid atá á theagasc faoi láthair a shainaithint, mar aon leis an mbealach a bhfuil cúrsaí á dteagasc agus an bealach a

[7] Ní mór do gach scoil atá páirteach i gclár DEIS páirt a ghlacadh i bpleanáil gníomhaíochta chórasach ar mhaithe le feabhas a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh an próiseas pleanála seo mar bhonn le forbairt agus cur chun feidhme plean feabhsaithe trí bliana: Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin DEIS. Is é Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin DEIS an plean feabhais scoile agus ba cheart do phobal na scoile páirt a ghlacadh i bpróiseas féinmheastóireachta nuair a bhíonn an plean seo á dhearadh, á chur chun feidhme, á athbhreithniú agus á nuashonrú.

ndéantar measúnú ar an bhfoghlaim. Gné lárnach de mheon FMS éifeachtach é an t-ord ina bhfuil riachtanais shonracha á sainaithint laistigh de chomhthéacs scoile, gníomh spriocdhírithe a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais sin agus próiseas struchtúrtha a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun é a athbhreithniú le linn actaithe agus ag deireadh an timthrialla feabhsaithe. Cinntíonn úsáid a bhaint as an bpróiseas FMS agus as forbairt, cur chun feidhme agus monatóireacht pleananna gníomhaíochta go bhfuil cinntí curaclaim fiúntach agus fianaisebhunaithe agus go bhfuil achtú curaclaim á fheabhsú an t-am ar fad chun freastal ar riachtanais leanaí agus phobal na scoile.

Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta mar chuid den phróiseas FMS de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil tosaíochtaí sainaitheanta á n-achtú go héifeachtach, go bhfuil dul chun cinn á rianú agus gur féidir athruithe a dhéanamh chun feabhsú leanúnach a chinntiú. Tá tacaíocht le haghaidh FMS le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige agus Oide.

**Cuid 5: Aguisíní**

B'fhéidir gur mhaith le scoil cuntais eile a thiomsú agus a choinneáil a bhaineann go háirithe lena gcomhthéacs scoile chun tacú le hachtú an churaclaim athfhorbartha.

# 4 Aguisíní

## 4.1 Aguisín 1

**Treoir shamplach chun tacú leis an bpróiseas achtaithe**

- Déanfar cinneadh comhoibritheach maidir le sainaithint réimse curaclaim atá le hachtú agus beidh tuairimí páirtithe difriúla á gcur san áireamh. Nuair a bheidh an réimse curaclaim seo á shainaithint, ba cheart d'fhoirne scoile machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
- • an tionchar ar na daltaí agus an fhoráil maidir le cothromas agus ionchuimsitheacht;
- • na tacaíochtaí atá ar fáil ó CNCM, Oide nó CNOS chun tacú le hachtú.

Baileoidh scoil cineálacha difriúla faisnéise ag brath ar an réimse curaclaim roghnaithe. D'fhéadfadh faisnéis cháilitheach a bheith san áireamh anseo cosúil le haiseolas foirmitheach múinteoirí maidir le hobair na leanaí, tuairimí na leanaí maidir lena n-eispéiris foghlama, tuairimí tuismitheoirí maidir leis an méid atá á fhoghlaim ag a leanaí, plé gairmiúil múinteoirí nó nótaí maidir leis an gcleachtas a tugadh faoi deara i seomraí ranga. D'fhéadfadh sonraí cainníochtúla a bheith san áireamh freisin cosúil le sonraí measúnachta nó torthaí suirbhéanna.


Ansin déanfaidh foireann na scoile anailís agus breithiúnais ina dtabharfar le chéile na snáitheanna éagsúla fianaise nó faisnéise a bailíodh, sainaithneofar na príomhtheachtaireachtaí nó na teachtaireachtaí atá ag eascairt as an anailís agus déanfar machnamh ar na torthaí sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh anailís agus machnamh á ndéanamh trí thagairt do na caighdeáin nó do na ráitis maidir le cleachtas éifeachtach atá leagtha amach sa chreat cáilíochta, Ag Breathnú ar an Scoil Againne. Ar an tslí sin, tabharfar léargas maith d'fhoireann na scoile ar a láidreachtaí i ndáil leis an réimse curaclaim roghnaithe, gnéithe a d'fhéadfadh a bheith le forbairt chun tacú le hachtú agus na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun é sin a dhéanamh.

Féadfaidh scoil rogha a dhéanamh a haistear achtaithe a roinnt le pobal na scoile chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil i rith an aistir achtaithe.

Ba cheart d'fhoireann scoile a plean achtaithe saincheaptha féin a dhearadh. D'fhéadfaí imeachtaí foghlama gairmiúla a chur san áireamh sa phlean seo mar aon le tacaíochtaí breise a bheidh ag teastáil i gcomhair achtú rathúil.

Chun a chinntiú go mbeidh achtú rathúil, tá sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar thionchar agus a leithéid a chinntiú, leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun feabhas a chinntiú agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhul chun cinn.

## 4.2 Aguisín 2




**Uirlis Athbhreithnithe**

**Athbhreithniú a dhéanamh ar réimse curaclaim chun na láidreachtaí atá le caomhnú, mar aon leis na bearnaí ar cheart déileáil leo, a shainaithint.**

Nuair a bhíonn pleananna á ndéanamh do gach réimse curaclaim, ba cheart do cheannairí scoile agus múinteoirí smaoineamh ar an méid seo a leanas.

**Céard iad ár láidreachtaí faoi láthair?**

- An bhfuil **an t-eolas ábhair riachtanach ar réimsí curaclaim** ag na múinteoirí ar fad?
- Céard iad na cleachtais scoile uile rathúla atá ann faoi láthair lena chinntítear leanúnachas agus dul chun cinn, lena choimeádtar raon agus ord oiriúnach, atá ailínithe le cuspóirí oideachais na scoile agus atá ailínithe leis an tsonraíocht?
- **Eispéireas an fhoghlaimeora**-cén cineál eispéiris foghlama atá ag gach leanbh sa réimse curaclaim seo faoi láthair?
- Céard iad na deiseanna atá á gcur ar fáil ag ár **dtimpeallachtaí foghlama** agus **pobail** don réimse curaclaim seo faoi láthair?
- Conas atá acmhainní á gcur ar fáil le haghaidh na réimsí curaclaim seo i láthair na huaire? Cé acu de na hacmhainní seo atá ag tacú ar an mbealach is éifeachtaí le foghlaim agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí ar fad?
- Cén modh atá in úsáid againn faoi láthair chun an dul chun cinn, ó thaobh cúrsaí foghlama de, atá á dhéanamh ag leanaí sna réimsí curaclaim seo a thaifeadadh agus a roinnt?

**Nuair a chaithimid súil ar an tsonraíocht churaclaim seo, céard í an tosaíocht is práinní chun tacú le hachtú?**

- An gá dúinn tús áite a thabhairt **d'fhorbairt oideolaíoch** chun an cleachtas laethúil sa seomra ranga a athrú?
- Ar **cheart dúinn díriú láithreach ar ailíniú agus ar dhul chun cinn ábhair agus curaclaim**, chun a chinntiú go léirítear aidhm na sonraíochta i **dTorthaí Foghlama, Fóca(i)s na Foghlama agus Eispéiris Foghlama**?
- Céard é an bealach is fearr chun úsáid a bhaint as ár **dtimpeallacht agus pobal** chun tacú le heispéiris foghlama shaibhre do gach foghlaimeoir?

- An bhfuil tuiscint chomhaontaithe ann maidir leis an **gcaidreamh idir an plean scoile uile agus ullmhúchán múinteoirí aonair**?

## 4.3 Aguisín 3

**Gluais Téarmaí**

**Creatchuraclam na Bunscoile (CCB):** Tagraíonn CCB do chreat an churaclaim athfhorbartha a foilsíodh i mí an Mhárta 2023. In CCB leagtar amach cuspóir, struchtúr agus ábhar don churaclam athfhorbartha i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tarraingítear aird ann ar an méid atá tábhachtach in oideachas bunscoile agus an chúis atá leis sin; agus tá cur síos le fáil ann ar na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh chomh fada is a bhaineann leis an méid atá á fhoghlaim ag leanaí. Tá an creat mar bhonn leis na sonraíochtaí curaclaim aonair. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine an méid atá sonraithe in CCB, sula ndéantar scrúdú mionsonraithe ar na sonraíochtaí aonair.

**Réimsí curaclaim:** Cuirtear an curaclam athfhorbartha i láthair i bhfoirm cúig réimse churaclaim ghinearálta atá bunaithe ar an gcreatchuraclam (CCB). Tá eolas maidir leis na réimsí curaclaim le fáil ar leathanach 14 den doiciméad CCM agus san áireamh ann tá:
1. Teanga 2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM)
3. Folláine 4. Oideachas Ealaíon 5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

**Sonraíocht:** Is éard atá i gceist le sonraíocht an réimse curaclaim an doiciméad ina dtagraítear do na mionsonraí a bhaineann le gach réimse curaclaim den churaclam athfhorbartha. Ní hionann an tsonraíocht agus an tsraith straitéisí ar líne. Déantar cur síos sa tsonraíocht ar na nasc leis an bhfís agus le prionsabail foghlama, teagaisc agus mheasúnachta an chreata mar aon leis an réasúnaíocht, aidhmeanna, snáitheanna, aonaid snáithe, gnéithe, torthaí foghlama agus treoir maidir leis an gcuraclam i gcleachtas.

**Tacar Uirlisí:** Is éard atá i dtacar uirlisí an réimse curaclaim tacar tacaíochtaí atá forbartha agus á gcothabháil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá tacar uirlisí ar fáil don chúig réimse curaclaim agus cuirfidh CNCM leis an tacar seo de réir a chéile. I ngach tacar uirlisí tairgtear tacaíocht phraiticiúil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre a chruthú do leanaí. Is iad seo a leanas comhpháirteanna na sraithe straitéisí - ábhair thacaíochta, samplaí de thacaíochtaí foghlama agus dul chun cinn leanaí.

**Fís don Churaclam Bunscoile Athfhorbartha:** Is ionann an fhís agus ráiteas cuspóra ginearálta a bhfuil sé mar aidhm leis bonn eolais a chur ar fáil do gach cuid den churaclam agus, i ndeireadh na dála, eispéiris na leanaí agus múinteoirí ar fad i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.

**Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus na Measúnachta: Tá** eolas le fáil sna prionsabail maidir leis na nithe sin lena mbaineann luach san oideachas bunscoile agus speisialta agus maidir leis na nithe sin atá ag croílár na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta ar ardchaighdeán sa churaclam bunscoile athfhorbartha. Is prionsabail ghinearálta atá iontu arb é an aidhm atá leo léargas a thabhairt ar chomhthéacsanna scoile éagsúla agus ar imthosca, eispéiris agus cumas difriúil leanaí.

**Príomhinniúlachtaí:** Cuirtear le eispéiris luathfhoghlama leanaí sa bhaile agus sa réamhscoil agus forbraítear iad tuilleadh leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Tá sé mar aidhm leis an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna riachtanacha a chuireann ar chumas leanaí dul in oiriúint do agus déileáil le raon cásanna, dúshlán agus comhthéacsanna chun tacú le Torthaí Foghlama níos ginearálta. Cuirtear na hinniúlachtaí seo i láthair mar sheacht bpríomhinniúlacht atá nasctha go dlúth lena chéile atá ábhartha do na céimeanna idir 1 agus 4.

**Saintréithe:** Níl sé beartaithe go nglacfar le saintréithe na bPríomhinniúlachtaí a chuirtear i láthair sa CCB mar liosta uileghabhálach, seachas sin déantar cur síos iontu ar dheiseanna foghlama agus forbartha saintréitheacha do leanaí laistigh de gach príomhinniúlacht a bheidh leabaithe trí Thorthaí Foghlama sna sonraíochtaí curaclaim.

**Cumas Gníomhúcháin an Mhúinteora:** Is éard atá i gceist le cumas gníomhúcháin ná an cumas roghanna agus cinntí a dhéanamh maidir le cad ba chóir a mhúineadh, cathain ba cheart é a mhúineadh, agus conas foghlaim a chur in ord agus an luas ceart a chur fúithi. San áireamh tá cinntí maidir leis na heispéiris foghlama shonracha atá le cur ar fáil.

**Cumas Gníomhúcháin an Linbh:** Tá ról gníomhach ag leanaí ina bpróiseas foghlama féin agus is féidir leo léargas a thabhairt ar a gcumas gníomhúcháin trí bheith treallúsach i gcomhthéacsanna foghlama, trí bhreathnú ar an méid atá ag tarlú agus trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí leanúnacha, nó trí chomhrá a thosú le daoine eile.

**Achtú:** Tagraíonn achtú don phróiseas a bhaineann leis an gcuraclam athfhorbartha a úsáid i scoileanna. Éilíonn bunú agus achtú an churaclaim bunscoile tacar dinimiciúil de choinníollacha leanúnacha. Éilíonn achtú machnamh a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh le soiléire agus cuspóir agus leagtar béim ar mhuinín as breithiúnais ghairmiúla múinteoirí. Cuirtear san áireamh in achtú an churaclaim go bhfuil an curaclam á thabhairt chun beochta ag múinteoirí ina seomraí ranga, go bhfuil sé beartaithe é a úsáid ar bhealach solúbtha agus gur féidir leis cuntas a dhéanamh ar chomhthéacs uathúil gach uile scoil.

**Cur i bhFeidhm:** Téarma a úsáidtear go coitianta i mbeartas agus taighde oideachais chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le húsáid a bhaint as dearadh curaclaim. In CCB, baintear úsáid as an téarma achtú seachas cur chun feidhme, léiriú ar an tuairim gur bhfuil breithiúnas gairmiúil leanúnach i gceist le hathrú curaclaim, oiriúnú comhthéacsúil agus coinníollacha dinimiciúla laistigh de scoileanna.

**Toradh Foghlama:** Déantar cur síos ar fhoghlaim agus forbairt ionchasach leanaí ag deireadh tréimhse ama le toradh foghlama

